*Uimhir* 31 *de* 1998

# AN tACHT COSANTA (LEASÚ), 1998

RIAR NA nALT


Alt

1. Léiriú.
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht.
4. Feadhain mhíleata na Roinne Cosanta.
5. Leasú ar alt 22 den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar alt 114 den Phríomh-Acht.
7. Leasú ar alt 248 den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 304 den Phríomh-Acht.
9. Forálacha idirthréimhseacha.
10. Oiriúnú.
11. Alt 295 den Phríomh-Acht a aisghairm.
12. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht Cosanta, 1954 | 1954, Uimh. 18 |
| Na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1993 | |
| An tAcht Léiriúcháin, 1937 | 1937, Uimh. 38 |

*Uimhir* 31 *de* 1998

# AN tACHT COSANTA (LEASÚ), 1998

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hATHEAGRÚ CHEANNCHEATHRÚ ÓGLAIGH NA hÉIREANN AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CEAPADH LEAS-CHEANN FOIRNE (OIBRÍOCHTAÍ) ÓGLAIGH NA hÉIREANN AGUS LEAS-CHEANN FOIRNE (TACAÍOCHT) ÓGLAIGH NA hÉIREANN, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LEASÚ AN ACHTA COSANTA, 1954, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[8 *Iúil,* 1998]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.**—(1) San Acht seo ciallaíonn ''an Príomh-Acht'' an tAcht Cosanta, 1954. Léiriú.

(2) Aon tagairt san Acht seo d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(3) Déanfar aon tagairt d'achtachán san Acht seo a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi.

**2.**—Leasaítear leis seo alt 2(1) den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

(*a*) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

> ''forléireofar 'Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann' de réir alt 13 (arna chur isteach le *halt 4* den *Acht Cosanta (Leasú), 1998*);
>
> ciallaíonn 'Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí)' Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) Óglaigh na hÉireann;
>
> ciallaíonn 'Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht)' Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) Óglaigh na hÉireann;'',
>
> agus

(*b*) trí na mínithe ar ''an tArd-Aidiúnach'' agus ''an tArd-Cheathrúnach'' a scriosadh.

Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht.

**3.**—Leasaítear leis seo alt 12 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*b*) agus (*c*):

"(*b*) Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) ag Óglaigh na hÉireann, agus

(*c*) Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) ag Óglaigh na hÉireann.",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) (*a*) An tUachtarán a dhéanfaidh ceapachán chuig oifig an Chinn Foirne.

(*b*) Beidh gach duine a cheapfar chuig oifig an Chinn Foirne ina oifigeach nó ina hoifigeach de na Buan-Óglaigh.

(*c*) Beidh gach sealbhóir ar oifig an Chinn Foirne i seilbh na hoifige sin ar feadh cibé téarma (nach faide ná 5 bliana) a shonrófar in ionstraim a cheaptha nó a ceaptha ach féadfar é nó í a athcheapadh ar an téarma sin a bheith caite.

(*d*) I gcás ina scoirfidh sealbhóir oifig an Chinn Foirne de bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach de na Buan-Óglaigh, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith i seilbh oifig an Chinn Foirne.

(*e*) Féadfaidh an tUachtarán, ar chúiseanna a bheidh sonraithe, an Ceann Foirne a chur as oifig.",

agus

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(3) (*a*) San fho-alt seo, ciallaíonn 'an Leas-Cheann Foirne', de réir mar a éilíonn an comhthéacs, an Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) nó an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht).

(*b*) An Rialtas a cheapfaidh an Leas-Cheann Foirne agus féadfaidh siad, ar chúiseanna a bheidh sonraithe, a cheapachán nó a ceapachán mar Leas-Cheann Foirne a fhoirceannadh.

(*c*) Beidh duine a cheapfar chun bheith ina Leas-Cheann Foirne ina oifigeach nó ina hoifigeach de na Buan-Óglaigh.

(*d*) Faoi réir an fho-ailt seo, ceapfar duine chun bheith ina Leas-Cheann Foirne ar feadh cibé téarma (nach faide ná 5 bliana) a shonrófar in ionstraim a cheaptha nó a ceaptha ach féadfar é nó í a athcheapadh ar an téarma sin a bheith caite.

(*e*) I gcás ina scoirfidh duine a cheapfar chun bheith ina Leas-Cheann Foirne de bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach de na Buan-Óglaigh, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina Leas-Cheann Foirne.''. A.3

Feadhain mhíleata na Roinne Cosanta.

**4.**—Déanfar an t-alt seo a leanas a chur in ionad alt 13 den Phríomh-Acht:

''13.—(1) Beidh arna bunú sa Roinn Cosanta feadhain mhíleata (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, 'Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann'), agus an Ceann Foirne a bheidh mar cheann uirthi.

(2) Faoi réir na *nAchtanna Cosanta, 1954* go *1998*, déanfar cibé dualgais a chinnfidh an tAire ó am go ham i dtaca le gnó na Roinne Cosanta a shannadh don Cheann Foirne.

(3) Beidh an Ceann Foirne freagrach go díreach don Aire i gcomhlíonadh cibé dualgais a shannfar dó nó di ó am go ham faoi fho-alt (2).

(4) Féadfaidh an Ceann Foirne, faoi réir cheadú an Aire, cibé dualgais is iomchuí leis nó léi de na dualgais sin a shannfar dó nó di faoi fho-alt (2) a tharmligean chuig an Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) nó chuig an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht).''.

Leasú ar alt 22 den Phríomh-Acht.

**5.**—Leasaítear leis seo alt 22(2) den Phríomh-Acht trí ''Óglaigh na hÉireann agus an líon daoine i ngach céim díobh.'' a chur in ionad ''agus teideal gach foirne, aonaid nó feadhna eile d'Óglaigh na hÉireann agus na céimeanna agus na ceapacháin éagsúla iontu.''.

Leasú ar alt 114 den Phríomh-Acht.

**6.**—Leasaítear leis seo alt 114(2) den Phríomh-Acht trí ''an gCeann Foirne'' a chur in ionad ''an Ard-Aidiúnach''.

Leasú ar alt 248 den Phríomh-Acht.

**7.**—Leasaítear leis seo alt 248 den Phríomh-Acht trí ''an gCeann Foirne'' a chur in ionad ''an Ard-Aidiúnach'' i míreanna (*e*) agus (*f*).

Leasú ar alt 304 den Phríomh-Acht.

**8.**—Leasaítear leis seo alt 304 den Phríomh-Acht trí ''i gCeanncheathrú Óglaigh na hÉireann'' a chur in ionad ''in aon cheann de phríomh-bhrainsí míleata na Roinne Cosanta'' i bhfo-ailt (1) agus (2).

Forálacha idirthréimhseacha.

**9.**—(1) Measfar an duine atá, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, i seilbh oifig an Ard-Aidiúnaigh a bheith ceaptha ina Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí), ar an tosach feidhme sin, agus faoi réir an Achta seo, mairfidh a cheapachán nó a ceapachán ar feadh an mhéid atá fágtha den téarma dár ceapadh é nó í chuig an oifig chéadluaite agus is ar théarmaí agus coinníollacha eile na hoifige céadluaite, agus faoina réir, a bheidh an ceapachán sin ach féadfar an duine sin a athcheapadh ina Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) ar an téarma sin a bheith caite.

(2) Measfar an duine atá, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, i seilbh oifig an Ard-Cheathrúnaigh a bheith ceaptha ina Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht), ar an tosach feidhme sin, agus faoi réir an Achta seo, mairfidh a cheapachán nó a ceapachán ar feadh

A.9 an mhéid atá fágtha den téarma dár ceapadh é nó í chuig an oifig chéadluaite agus is ar théarmaí agus coinníollacha eile na hoifige céadluaite, agus faoina réir, a bheidh an ceapachán sin ach féadfar an duine sin a athcheapadh ina Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) ar an téarma sin a bheith caite.

Oiriúnú.

**10.**—(1) Faoi réir *ailt 6, 7* agus *fho-alt (3)*, déanfar aon tagairtí don Ard-Aidiúnach nó don Ard-Cheathrúnach in aon Acht den Oireachtas arna rith roimh thosach feidhme an Achta seo nó in aon ionstraim reachtúil arna déanamh roimh an lá sin (seachas cibé ionstraimí (más ann) a fhorordóidh an tAire) a fhorléiriú, ar an tosach feidhme sin agus dá éis, mar thagairtí don Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht).

(2) Déanfar aon tagairtí don Ard-Aidiúnach nó don Ard-Cheathrúnach i cibé ionstraimí reachtúla (más ann) a fhorordóidh an tAire faoi *fho-alt (1)* a fhorléiriú mar thagairtí don Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí).

(3) (*a*) Déanfar aon tagairtí don Ard-Aidiúnach in ailt 11 agus 40 den Phríomh-Acht a fhorléiriú mar thagairtí don Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí).

(*b*) Déanfar aon tagairtí don Ard-Cheathrúnach sna hailt sin 11 agus 40 a fhorléiriú mar thagairtí don Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht).

(4) San alt seo—

ciallaíonn ''forordú'' forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

tá le ''ionstraim reachtúil'' an bhrí a shanntar do ''ionstruim reachtúil'' leis an Acht Léiriúcháin, 1937.

Alt 295 den Phríomh-Acht a aisghairm.

**11.**—Aisghairtear leis seo alt 295 den Phríomh-Acht.

Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.

**12.**—(1) Féadfar an tAcht Cosanta (Leasú), 1998, a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

(3) Féadfar na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1998, a ghairm de na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1993, agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.